Círéibeacha i dTuaisceart Éireann

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi chíréibeacha i dTuaisceart Éireann.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1) Northern Ireland Assembly _____
2) business people _____
3) damage / destruction _____
4) condemning the violence _____
5) terror _____
6) death threat _____
7) arson attack _____
8) Christmas shoppers _____
9) since the motion was accepted _____
10) the only member _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Freagair na ceisteanna seo:

1) Cén rún a ritheadh i gcomhthionóil Thuaisceart Éireann ar maidin?
2) Cén fáth a bhfuil lucht gnó na cathrach buartha?
3) Cé a mhol an rún ag cáineadh an fhoréigin?
4) Cad a dúirt David Ford maidir leis an fhoréigean?
5) Cad a tharla i gCarraig Fhearghais?
6) Cén tuairim atá ag Jim Allister i leith an fhoréigin?

Ceist 3 Cén chanúint atá ag an tuairisceoir Sorcha Ní Mhonacháin? Tabhair samplaí den chanúint ón mhír. Éist arís léi más gá.

Ceist 4 '…*i gContae Aontroma*…'

(a) Déan féin agus an duine in aice leat liosta de na contaetha atá i dTuaisceart Éireann.

(b) Cén fáth a n-athraíonn ainm an chontae tar éis an fhocail ***contae***?

(c) Cuir an focal ***cathair*** roimh na logainmneacha seo a leanas:

Luimneach / Corcaigh / Gaillimh / Baile Átha Cliath / Béal Feirste

Ceist 5 '…***ar foluain…'***

(a) Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an bhfocal 'foluain'?
(b) Féach ar na samplaí seo agus cad is féidir leat a rá fúthu:

Ar buile	*ach*	*Ar bhád*
Ar ceal	*ach*	*Ar chathaoir*
Ar fónamh	*ach*	*Ar fhuinneog*
Ar taispeáint	*ach*	*Ar theach*

(c) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

- *Siobhán has a nice coat on today.*
- *I'll see you in a while.She left her bag on a table in the kitchen.*
- *The man fell on the street because he was drunk.*
- *Is the movie going on now?*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- Cad atá ar eolas agat faoi na trioblóidí a bhíodh ann i dTuaisceart Éireann roimh an Phróiseas Síochána?

- Ar cheart go mbeadh brat na Ríochta Aontaithe ar foluain gach lá i mBéal Feirste, dar leat?

- An gceapann tú gur cheart doThuaisceart Éireann a bheith mar chuid de Phoblacht na hÉireann?

Freagraí

Ceist 1

1)	Northern Ireland Assembly	(*Comh)thionól Thuaisceart Éireann*
2)	business people	*lucht gnó*
3)	damage / destruction	*scrios*
4)	condemning the violence	*ag cáineadh an fhoréigin*
5)	terror	*sceimhle*
6)	death threat	*bagairt bháis*
7)	arson attack	*ionsaí tine (coirloscadh)*
8)	Christmas shoppers	*lucht siopadóireachta na Nollag*
9)	since the motion was accepted	*ó glacadh leis an rún*
10)	the only member	*an t-aon bhall*

Ceist 2

1) Rún a cháin an foréigean atá ag titim amach le seachtain anuas.
2) Tá imní ar lucht gnó na cathrach go gcuirfidh an scrios as go mór do shéasúr mór siopadóireachta na Nollag.
3) Peter Robinson agus Martin McGuinness a mhol an rún.
4) Go raibh an tseachtain seo caite lán d'uafás is do sceimhle.
5) Scriosadh oifig toghcheantair de chuid pháirtí *an Alliance* (Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann).
6) Tá sé go mór ina choinne - cháin sé an foréigean.

Ceist 3

Canúint Uladh atá aici.

Samplaí den chanúint atá sa mhír:

(a) an tseachtain seo a chuaigh thart
(b) na laetha
(c) ar shráideacha
(d) lucht gnaithe

Ceist 4

(a) Ainmneacha na sé chontae atá i dTuaisceart Éireann:
Contae an Dúin
Contae Thír Eoghain
Contae Fhear Manach
Contae Dhoire
Contae Ard Mhacha
Contae Aontroma

(b) Mar go bhfuil ainm an chontae sa tuiseal ginideach.

(c) Cathair Luimnigh / Cathair Chorcaí / Cathair na Gaillimhe / Cathair Bhaile Átha Cliath / Cathair Bhéal Feirste

Ceist 5

(a) Ní shéimhítear focal a leanann an réamhfhocal ‘ar’ nuair is staid nó coinníoll a bhíonn i gceist.

(b)

Ar buile (staid atá i gceist)	***ach***	*Ar bhád (ionad áirithe atá i gceist)*
Ar ceal (staid atá i gceist)	***ach***	*Ar chathaoir (ionad áirithe atá i gceist)*
Ar fónamh (staid atá i gceist)	***ach***	*Ar fhuinneog (ionad áirithe atá i gceist)*
Ar taispeáint (staid atá i gceist)	***ach***	*Ar theach (ionad áirithe atá i gceist)*

(c) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

- *Tá cóta deas ar Shiobhán inniu.*
- *Feicfidh mé ar ball thú.*
- *D’fhág sí a mála ar thábla sa chistin.*
- *Thit an fear ar an tsráid mar go raibh sé ar meisce.*
- *An bhfuil an scannán ar siúl anois?*

Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eibhlín Ní Choisdealbha
Ritheadh rún i gcomhthionóil Thuaisceart Éireann ar maidin ag cáineadh an fhoréigin a thit amach ar fud an tuaiscirt le seachtain anuas. Tá imní ar lucht gnó na cathrach go gcuirfidh an scrios as go mór do shéasúr mór siopadóireachta na Nollag.

Sorcha Ní Mhonacháin
Ba iad an Chéad(Phríomh)-Aire, Peter Robinson, agus an LeasPhríomh-Aire[i], Martin McGuinness, a mhol an rún ag cáineadh an fhoréigin.

Orthu siúd a labhair, bhí David Ford, Aire Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann agus ceannaire Pháirtí an *Alliance* (Páirtí Comhghuaillíochta Thuaisceart Éireann). Dúirt David Ford go raibh an tseachtain seo a chuaigh thart lán d'uafás is do sceimhle. Ba iad comhghleacaithe Ford ar Chomhairle Cathrach[ii] Bhéal Feirste a mhol an rún conspóideach Dé Luain seo a chuaigh thart ar laghdú na laetha[iii] a mbeadh brat na hAontachta ar foluain ar halla na cathrach i mBéal Feirste go dtí seacht lá dhéag seachas ar feadh na bliana uilig. Ó shin, rinneadh bagairt bháis ar Fheisire *an Alliance* i Westminster, Naomi Long. Scriosadh oifig toghcheantair de chuid an pháirtí i gCarraig Fhearghais i gContae Aontroma in ionsaí tine agus ionsaíodh teach cónaithe beirt bhall eile de chuid an pháirtí i mBeannchar i gContae an Dúin.

Dúirt an LeasPhríomh-Aire, Martin McGuinness, le linn na díospóireachta gur léir go bhfuil an UDA agus an UVF ag spreagadh an fhoréigin. Cé go raibh an oíche aréir ciúin ar shráideacha[iv] Bhéal Feirste, tá imní ar lucht gnaithe[v] go gcuirfidh an scrios agus an foréigean a tharla ó glacadh leis an rún as do chuairteoirí agus do lucht siopadóireachta na Nollag agus go mbeadh lucht gnaithe na cathrach thíos go mór leis.

Cháin Jim Allister, an t-aon bhall atá ag an TUV nó an Guth Aontachtach Traidisiúnta sa chomhthionól, an foréigean. Ach dhá uair ina óráid, dúirt sé gurb iad na gnóthaí cultúir an t-arm is úire atá ag Páirtí Shinn Féin in amharclann na cogaíochta, mar a thug sé air.

[i] an LeasChéad-Aire an t-ainm oifigiúil
[ii] *Chathrach* a deirtear
[iii] *laethanta* atá sa chaighdeán
[iv] *sráideanna* atá sa chaighdeán
[v] *gnó* atá sa chaighdeán